Uimhir 34 *de* 2013

AN tACHT UM CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA, 2013

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Conarthaí foirgníochta: eisceachtaí, etc.
3. Íocaíochtaí faoi chonarthaí foirgníochta.
4. Fógraí um éileamh ar íocaíocht.
5. Ceart chun obair a fhionraí mar gheall ar neamhíoc.
6. Ceart chun díospóidí íocaíochta a tharchur chun a mbreithnithe.
7. Ceart chun obair a fhionraí mar gheall ar mhainneachtain breith ó bhreithneoir a chomhlíonadh.
8. Painéal breithneoirí a roghnú.
9. Cód cleachtais maidir le breithniú.
10. Fógraí a sheachadadh, etc.
11. Caiteachais.
12. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

Forálacha a mBeidh Feidhm acu maidir le Nithe a Bhaineann le hÍocaíochtaí

Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Féimheachta, 1988	1988, Uimh. 27
An tAcht um Rialú Foirgníochta, 2007	2007, Uimh. 21
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990	1990, Uimh. 27
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
An tAcht um Údaráis Stáit (Socruithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha), 2002	2002, Uimh. 1

Uimhir 34 *de* 2013

AN tACHT UM CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA, 2013

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO RIALÁIL ÍOCAÍOCHTAÍ FAOI CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[29 *Iúil* 2013]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn "conradh foirgníochta" (faoi réir *fho-alt (2)* agus *alt 2*) comhaontú (cibé acu i scríbhinn nó nach ea) idir páirtí curtha i gcrích agus páirtí eile, i gcás go bhfostaítear an páirtí curtha i gcrích le haghaidh aon cheann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(*a*) an páirtí curtha i gcrích do sheoladh oibríochtaí foirgníochta;

(*b*) socrú a dhéanamh maidir le duine eile nó daoine eile do sheoladh oibríochtaí foirgníochta, cibé acu faoi fhochonradh leis an bpáirtí curtha i gcrích nó ar shlí eile;

(*c*) saothar an pháirtí curtha i gcrích féin, nó saothar daoine eile, a sholáthar chun oibríochtaí foirgníochta a sheoladh;

ciallaíonn "oibríochtaí foirgníochta", faoi féir *fho-ailt (3)* agus *(4)*, aon ghníomhaíocht a bhaineann le foirgníocht, lena n-áirítear oibríochtaí d'aon cheann amháin nó níos mó de na tuairiscí seo a leanas:

(*a*) foirgnimh nó déanmhais a fhoirgniú, a athrú, a dheisiú, a chothabháil, a mhéadú, a scartáil nó a dhíchóimeáil, ar déanmhais iad is cuid, nó a bheidh ina gcuid, den talamh (cibé acu go buan nó nach ea);

(*b*) oibreacha a fhoirgniú, a athrú, a dheisiú, a chothabháil, a mhéadú, a scartáil nó a dhíchóimeáil, ar oibreacha iad is cuid, nó a bheidh ina gcuid, den talamh, lena n-áirítear (gan dochar don mhéid sin roimhe seo) ballaí, oibreacha bóthair, línte cumhachta, gairis teileachumarsáide, rúidbhealaí aerárthaí, duganna agus cuanta, iarnróid, uiscebhealaí intíre, píblínte, taiscumair, príomhphíopaí uisce, toibreacha, séaraigh, gléasra tionscail agus

suiteálacha chun talamh a shilt, chun an cósta a chaomhnú nó chun críocha cosanta;

(*c*) feistis is cuid den talamh a shuiteáil in aon fhoirgneamh nó déanmhas, lena n-áirítear (gan dochar don mhéid sin roimhe seo) córais teasa, soilsithe, aeroiriúnaithe, inslithe theirmigh, aerála, soláthair cumhachta, siltin, sláintíochta nó soláthair uisce, nó córais cosanta in aghaidh dóiteáin, nó córais slándála nó chumarsáide;

(*d*) an taobh amuigh nó an taobh istigh d'fhoirgnimh agus de dhéanmhais a ghlanadh, a mhéid a dhéantar sin le linn iad a fhoirgniú, a athrú, a dheisiú, a mhéadú nó a aisiriú;

(*e*) oibríochtaí is cuid dhílis d'oibríochtaí den sórt sin a thuairiscítear roimhe seo san fho-alt seo, nó is ullmhúchán chucu nó is oibríochtaí chun iad a chríochnú, lena n-áirítear glanadh láithreán, uachtar talún a aistriú, tochailt, tollánú agus tolladh, leagan bunsraitheanna, scafall a thógáil, a chothabháil nó a dhíchóimeáil, aisiriú láithreán, tírdhreachú agus soláthar bóithre agus oibreacha rochtana eile agus bainistiú tráchta;

(*f*) dromchlaí inmheánacha nó seachtracha aon fhoirgnimh nó déanmhais a phéinteáil nó a mhaisiú;

(*g*) dealbhóireachtaí, múrphictiúir agus saothair ealaíne eile a ghabhann le réadmhaoin a dhéanamh, a shuiteáil nó a dheisiú;

ciallaíonn "páirtí curtha i gcrích", i ndáil le conradh foirgníochta—

(*a*) i gcás gurb éard iad na páirtithe sa chonradh foirgníochta conraitheoir agus an duine dá ndéanann an conraitheoir obair faoin gconradh, an conraitheoir, nó

(*b*) i gcás gur conraitheoir agus fochonraitheoir, nó i gcás gur 2 fhochonraitheoir, iad na páirtithe sa chonradh foirgníochta, an fochonraitheoir nó cibé acu fochonraitheoir a chomhaontaíonn obair a chur i gcrích faoin gconradh;

ciallaíonn "príomhchonradh" conradh foirgníochta den sórt sin dá dtagraítear i *mír (a)* den mhíniú ar "páirtí curtha i gcrích";

ciallaíonn "Aire" an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

ciallaíonn "páirtí eile", i ndáil le conradh foirgníochta, an páirtí sa chonradh foirgníochta nach é nó í an páirtí curtha i gcrích é nó í;

ciallaíonn "éileamh ar íocaíocht" éileamh go n-íocfaí méid faoi chonradh foirgníochta;

ciallaíonn "dáta éilimh ar íocaíocht", i ndáil le conradh foirgníochta, an dáta a cheanglaítear éileamh ar íocaíocht a dhéanamh i ndáil le méid atá dlite faoin gconradh foirgníochta;

tá le "fógra um éileamh ar íocaíocht" an bhrí a shanntar dó le *halt 4*;

tá le "díospóid íocaíochta" an bhrí a shanntar dó le *halt 6*;

ciallaíonn "fochonradh" conradh foirgníochta den sórt sin dá dtagraítear i *mír (b)* den mhíniú ar "páirtí curtha i gcrích";

ciallaíonn "fochonraitheoir" duine a ndéanann an conraitheoir nó fochonraitheoir eile fochonradh leis nó léi chun obair faoi chonradh foirgníochta a chur i gcrích;

ciallaíonn "obair", i ndáil le conradh foirgníochta, aon ghníomh a dhéantar chun an conradh foirgníochta a chur ar aghaidh faoi théarmaí an chonartha foirgníochta.

(2) San Acht seo, folaíonn tagairtí do chonradh foirgníochta comhaontú, i ndáil le hoibríochtaí foirgníochta, chun obair a dhéanamh nó seirbhísí a sholáthar atá coimhdeach leis an gconradh foirgníochta, amhail—

(*a*) obair ailtireachta, deartha, sheandálaíochta nó shuirbhéireachta,

(*b*) seirbhísí innealtóireachta nó seirbhísí bainistithe tionscadail, nó

(*c*) comhairle maidir le tógáil, innealtóireacht, maisiú inmheánach nó seachtrach nó maidir le tírdhreach a leagan amach.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, ní fholaíonn tagairtí san Acht seo d'oibríochtaí foirgníochta na nithe seo a leanas a mhonarú nó a sheachadadh ar láithreán foirgníochta—

(*a*) comhpháirteanna nó trealamh tógála nó innealtóireachta,

(*b*) ábhair, gléasra nó innealra, nó

(*c*) comhpháirteanna do chórais teasa, soilsithe, aeroiriúnaithe, aerála, soláthair cumhachta, siltin, sláintíochta nó soláthair uisce, nó do chórais cosanta in aghaidh dóiteáin, nó do chórais slándála nó chumarsáide.

(4) San Acht seo, folaíonn tagairtí d'oibríochtaí foirgníochta cás ina soláthraítear na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* faoi chonradh lena ndéantar foráil freisin maidir lena suiteáil.

Conarthaí foirgníochta: eisceachtaí, etc.

2.—(1) Ní conradh foirgníochta é conradh—

(*a*) mura mó ná €10,000 luach an chonartha, nó

(*b*) más rud é—

(i) nach mbaineann an conradh ach le teaghais, agus

(ii) go bhfuil ag an teaghais achar urláir nach mó ná 200 méadar cearnach, agus

(iii) maidir le páirtí amháin de na páirtithe sa chonradh, gur duine é nó í a áitíonn an teaghais, nó a bheartaíonn an teaghais a áitiú, mar a áit chónaithe nó a háit chónaithe.

(2) Ní conradh foirgníochta conradh fostaíochta (de réir bhrí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997).

(3) Ní conradh foirgníochta conradh idir údarás Stáit agus a chomhpháirtí i socrú le haghaidh comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach, mar a mhínítear na téarmaí sin san Acht um Údaráis Stáit (Socruithe le haghaidh Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha), 2002.

(4) I gcás go bhfuil i gconradh forálacha i ndáil le gníomhaíochtaí seachas na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear sa mhíniú ar chonradh foirgníochta agus in *alt 1(2)*, ní conradh foirgníochta é ach amháin a mhéid a bhaineann sé leis na gníomhaíochtaí sin.

(5) Tá feidhm ag an Acht seo maidir le conradh foirgníochta—

(*a*) cibé acu is é nó nach é dlí an Stáit an dlí is infheidhme i ndáil leis an gconradh foirgníochta thairis sin, nó

(*b*) cibé acu a airbheartaíonn nó nach n-airbheartaíonn na páirtithe sa chonradh foirgníochta feidhm an chonartha foirgníochta a theorannú nó a eisiamh.

Íocaíochtaí faoi chonarthaí foirgníochta.

3.—(1) Déanfar foráil le conradh foirgníochta—

(*a*) maidir le méid gach íocaíochta eatramhaí a bheidh le déanamh faoin gconradh foirgníochta, agus

(*b*) maidir le méid na híocaíochta deiridh a bheidh le déanamh faoin gconradh foirgníochta,

nó maidir le sásra leordhóthanach chun na méideanna sin a chinneadh.

(2) Déanfar foráil le conradh foirgníochta—

(*a*) maidir leis an dáta éilimh ar íocaíocht, nó maidir le sásra leordhóthanach chun an dáta éilimh ar íocaíocht a chinneadh, do gach méid a bheidh dlite faoin gconradh foirgníochta, agus

(*b*) maidir leis an tréimhse idir an dáta éilimh ar íocaíocht do gach méid den sórt sin agus an dáta a bheidh an méid dlite amhlaidh.

(3) Beidh feidhm ag an *Sceideal* maidir le príomhchonradh más rud é agus a mhéid nach ndéantar foráil leis maidir leis na nithe a shonraítear i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)*.

(4) Beidh feidhm ag an *Sceideal* maidir le fochonradh ach amháin a mhéid a dhéantar foráil leis is fabhraí don pháirtí curtha i gcrích ná an fhoráil a dhéanfaí thairis sin leis an *Sceideal*.

(5) Ach amháin tar éis do na himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (6)* tarlú, beidh foráil i gconradh foirgníochta gan éifeacht a mhéid a fhoráiltear léi go bhfuil íocaíocht de mhéid atá dlite faoin gconradh foirgníochta, nó uainiú íocaíochta den sórt sin, coinníollach ar dhuine nach páirtí sa chonradh foirgníochta do dhéanamh íocaíochta.

(6) Is iad na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*:

(*a*) i gcás gur cuideachta seachas cuideachta neamhchláraithe an duine eile—

(i) tosach a foirceanta de bhun alt 251 d'Acht na gCuideachtaí, 1963 i gcás nach mbeidh aon dearbhú sócmhainneachta déanta faoi alt 256 d'Acht na gCuideachtaí, 1963,

(ii) achainí a thíolacadh chun í a fhoirceannadh de bhun alt 213 d'Acht na gCuideachtaí, 1963,

(iii) glacadóir a cheapadh i leith aon mhaoin nó sócmhainní dá cuid, nó

(iv) achainí a thíolacadh chun scrúdaitheoir a cheapadh faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990 i ndáil léi;

(*b*) i gcás gur cuideachta neamhchláraithe an duine eile, tosach a foirceanta de bhun alt 345 d'Acht na gCuideachtaí, 1963;

(*c*) i gcás gur pearsa aonair nó comhpháirtíocht an duine eile, iarratas a dhéanamh ar bhreithniú faoin Acht Féimheachta, 1988 i ndáil léi;

(*d*) cúirt do dhéanamh ordú foirceanta nó ordú dá shamhail i ndáil leis an duine eile;

(*e*) tarlú aon teagmhais atá ar comhréir leis na teagmhais sin a shonraítear san fho-alt seo faoi dhlí aon stáit lena mbaineann Rialachán (CE) Uimh. 1346/2000 an 29 Bealtaine 2000 ón gComhairle[1] maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

Fógraí um éileamh ar íocaíocht.

4.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás, tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht, go ndéanfaidh páirtí curtha i gcrích i gconradh foirgníochta fógra um éileamh ar íocaíocht a bhaineann le héileamh ar íocaíocht a sheachadadh ar an bpáirtí eile nó ar dhuine eile a bheidh sonraithe faoin gconradh foirgníochta.

(2) Is é atá i bhfógra um éileamh ar íocaíocht fógra ina sonraítear—

(*a*) an méid a éilítear (fiú amháin más nialas an méid),

(*b*) an tréimhse, an chéim den obair nó an ghníomhaíocht lena mbaineann an t-éileamh ar íocaíocht,

(*c*) ábhar an éilimh ar íocaíocht, agus

(*d*) an bonn ar a ríomhtar an méid a éilítear.

(3) Má chonspóideann an páirtí eile nó an duine sonraithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* go bhfuil an méid dlite agus iníoctha, ansin—

(*a*) déanfaidh an páirtí eile nó an duine sonraithe freagra ar an bhfógra um éileamh ar íocaíocht a sheachadadh ar an bpáirtí curtha i gcrích, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an éilimh ar íocaíocht, ina sonrófar—

(i) an méid a bheartaítear a íoc,

[1]IO Uimh. L160, 30 Meitheamh 2000, lch.1.

(ii) an chúis nó na cúiseanna atá leis an difríocht idir an méid atá san fhógra um éileamh ar íocaíocht agus an méid dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, agus

(iii) an bonn ar a ríomhtar an méid dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*,

agus

(*b*) mura mbeifear tar éis an ní a shocrú faoin lá a bheidh an méid dlite, íocfaidh an páirtí eile nó an duine sonraithe an méid dá dtagraítear i *mír (a)* leis an bpáirtí curtha i gcrích tráth nach déanaí ná an lá sin.

(4) I gcás go bhfuil cúis leis an méid éagsúil sa fhreagra inchurtha síos d'éileamh ar chaillteanas nó ar dhamáiste a éiríonn as sárú líomhnaithe ar aon oibleagáid chonarthach nó eile ar thaobh an pháirtí curtha i gcrích (faoin gconradh foirgníochta nó thairis sin), nó d'aon éileamh eile a líomhnaíonn an duine eile i gcoinne an pháirtí curtha i gcrích, sonrófar sa fhreagra freisin—

(*a*) cathain a tabhaíodh an caillteanas nó a tharla an damáiste, nó conas a d'éirigh an t-éileamh eile,

(*b*) sonraí an chaillteanais, an damáiste nó an éilimh, agus

(*c*) an cion den difríocht atá inchurtha síos do gach sonra den sórt sin.

(5) Maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a thugtar nó a fhorchuirtear leis an alt seo, is cearta agus oibleagáidí iad de bhreis ar aon cheann a thugtar nó a fhorchuirtear le téarmaí an chonartha foirgníochta.

Ceart chun obair a fhionraí mar gheall ar neamhíoc.

5.—(1) Maidir le haon mhéid a bheidh dlite faoi chonradh foirgníochta, i gcás nach nach mbeidh sé íoctha go hiomlán faoin lá a bheidh an méid dlite, féadfaidh an páirtí curtha i gcrích obair faoin gconradh foirgníochta a fhionraí trí fhógra i scríbhinn a thabhairt faoi *fho-alt (2)*.

(2) Sonrófar i bhfógra faoin bhfo-alt seo na forais ar a mbeartaítear obair a fhionraí agus seachadfar é ar an bpáirtí eile—

(*a*) tráth nach luaithe ná an lá tar éis an lae a bheidh an méid lena mbaineann dlite, agus

(*b*) 7 lá ar a laghad sula mbeidh an fhionraí bheartaithe le tosú.

(3) Ní fhéadfar obair a fhionraí faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) tar éis don pháirtí eile an méid dlite a íoc, nó

(*b*) tar éis do pháirtí sa chonradh foirgníochta fógra a sheirbheáil faoi *alt 6(2)* i ndáil le díospóid a bhaineann leis an méid lena mbaineann a íoc.

(4) I gcás go ndéanfar obair a fhionraí faoi *fho-alt (1)* agus go ndéanfar difear do chumas an pháirtí curtha i gcrích obair a chríochnú laistigh de theorainn ama chonarthach mar gheall ar fhionraí na hoibre, tabharfar neamhaird ar thréimhse na fionraí

d'fhonn an teorainn ama chonarthach a ríomh mura rud é nach bhfuil bonn cirt le fionraí na hoibre sna himthosca.

(5) I gcás go ndéanfar obair a fhionraí faoi *fho-alt (1)* agus go ndéanfar difear do chumas fochonraitheora obair a chríochnú laistigh de theorainn ama chonarthach mar gheall ar fhionraí na hoibre, tabharfar neamhaird ar thréimhse na fionraí d'fhonn an teorainn ama chonarthach a ríomh.

(6) Tabharfar neamhaird freisin ar thréimhse fionraí oibre faoi *fho-alt (1)* d'fhonn ríomh a dhéanamh ar an achar ama a ghlactar chun an obair a chríochnú faoi chonradh foirgníochta eile—

(*a*) i gcás gur fochonradh an conradh foirgníochta a bhfuil an obair faoi ar fionraí,

(*b*) i gcás gur fochonradh freisin an conradh foirgníochta eile agus gurb ionann an páirtí eile san fhochonradh eile sin agus an páirtí eile san fhochonradh a bhfuil an obair faoi ar fionraí, agus

(*c*) i gcás go ndéantar difear do chumas an pháirtí curtha i gcrích faoin bhfochonradh eile sin obair a chríochnú laistigh de theorainn ama chonarthach mar gheall ar fhionraí na hoibre.

(7) Ní dochar an t-alt seo do cheart an pháirtí eile sa chonradh foirgníochta faoina bhfuil obair ar fionraí chun éileamh a dhéanamh ar chúiteamh nó ar dhamáistí i leith aon chaillteanas mar gheall ar fhionraí oibre nach bhfuil bonn cirt leis sna himthosca.

Ceart chun díospóidí íocaíochta a tharchur chun a mbreithnithe.

6.—(1) Tá an ceart ag páirtí i gconradh foirgníochta aon díospóid a bhaineann le híocaíocht a eascraíonn faoin gconradh foirgníochta (dá ngairtear "díospóid íocaíochta" san Acht seo) a tharchur lena breithniú de réir an ailt seo.

(2) Féadfaidh an páirtí an ceart a fheidhmiú trí fhógra á rá go mbeartaítear an díospóid íocaíochta a tharchur lena breithniú a sheirbheáil aon tráth ar an duine eile is páirtí sa chonradh foirgníochta.

(3) Féadfaidh na páirtithe, laistigh de thréimhse 5 lá dar tosach an lá a sheirbheáiltear fógra faoi *fho-alt (2)*, a chomhaontú breithneoir dá rogha féin a cheapadh nó breithneoir a cheapadh ón bpainéal a bheidh ceaptha ag an Aire faoi *alt 8*.

(4) Cheal comhaontú idir na páirtithe faoi *fho-alt (3)*, déanfaidh cathaoirleach an phainéil a bheidh roghnaithe ag an Aire faoi *alt 8* an breithneoir a cheapadh.

(5) Maidir leis an bpáirtí a sheirbheáil an fógra faoi *fho-alt (2)*—

(*a*) déanfaidh sé nó sí an díospóid íocaíochta a tharchur chuig an mbreithneoir laistigh de thréimhse 7 lá dar tosach an lá a dhéanfar an ceapachán, agus

(*b*) déanfaidh sé nó sí, an tráth céanna, cóip den tarchur agus de na doiciméid go léir a bheidh ag gabháil leis a sholáthar don duine is páirtí sa chonradh foirgníochta.

(6) Tiocfaidh an breithneoir ar bhreith laistigh de thréimhse 28 lá dar tosach an lá a dhéanfar an tarchur nó cibé tréimhse is faide ná sin ar a gcomhaontóidh na páirtithe tar éis an díospóid íocaíochta a tharchur.

(7) Féadfaidh an breithneoir an tréimhse 28 lá a fhadú de thréimhse nach faide ná 14 lá, le toiliú an pháirtí a rinne an díospóid íocaíochta a tharchur.

(8) Gníomhóidh an breithneoir go neamhchlaon le linn an breithniú a sheoladh agus comhlíonfaidh sé nó sí an cód cleachtais a bheidh foilsithe ag an Aire faoi *alt 9*, cibé acu is duine is comhalta den phainéal a bheidh roghnaithe ag an Aire faoi *alt 8* an breithneoir nó nach ea.

(9) Féadfaidh an breithneoir gníomhú ar a thionscnamh féin nó ar a tionscnamh féin le linn na fíorais agus an dlí i ndáil leis an díospóid íocaíochta a fhionnadh, agus féadfaidh sé nó sí déileáil an tráth céanna le díospóidí íocaíochta ar leithligh a eascraíonn faoin gconradh foirgníochta céanna nó faoi chonarthaí foirgníochta gaolmhara.

(10) Beidh breith an bhreithneora ina breith cheangailteach go dtí go socróidh na páirtithe an díospóid íocaíochta go críochnaitheach nó go dtí go dtiocfar ar bhreith éagsúil ar an díospóid íocaíochta a tharchur chun eadrána nó in imeachtaí arna dtionscnamh i gcúirt i ndáil le breith an bhreithneora.

(11) Beidh breith an bhreithneora, más breith cheangailteach í, infhorghníomhaithe trí chaingean nó, le cead ón Ard-Chúirt, ar an modh céanna le breithiúnas nó le hordú ón gCúirt sin a bhfuil an éifeacht chéanna leis agus, i gcás go dtabharfar cead, féadfar breithiúnas a thaifeadadh i dtéarmaí na breithe.

(12) Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt, measfar go bhfuil breith an bhreithneora, más breith cheangailteach í, ina ceangal orthu chun gach críche agus, dá réir sin, féadfaidh aon pháirtí díobh seasamh uirthi i modh cosanta, fritháirimh nó eile in aon imeachtaí dlí.

(13) Féadfaidh an breithneoir a bhreith nó a breith a cheartú ionas go mbainfear di aon earráid chléireachais nó chló inti a eascraíonn trí thionóisc nó trí neamhghníomh ach ní fhéadfaidh sé nó sí aon ghné den bhreith a athbhreithniú nó a athoscailt.

(14) Níl an breithneoir faoi dhliteanas i leith aon ní a bheidh déanta nó fágtha gan déanamh i gcomhlíonadh nó i gcomhlíonadh airbheartaithe a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar bhreithneoir mura de mheon mímhacánta a rinneadh an ní nó a fágadh an ní gan déanamh, agus déantar aon fhostaí nó gníomhaire de chuid an bhreithneora a chosaint ar dhliteanas ar an gcuma chéanna.

(15) Íocfaidh gach páirtí a chostais féin dlí agus eile nó a costais féin dlí agus eile a thabhófar i dtaca leis an mbreithniú.

(16) Déanfaidh na páirtithe méid tháillí, chostais agus chaiteachais an bhreithneora a íoc de réir bhreith an bhreithneora.

(17) Féadfaidh breithneoir éirí as oifig tráth ar bith ar fhógra i scríbhinn a thabhairt do na páirtithe sa díospóid agus beidh na páirtithe faoi dhliteanas, i gcomhpháirt agus go leithleach, i leith na

táillí, na costais agus na caiteachais réasúnacha a thabhóidh an breithneoir suas go dtí dáta an éirí as oifig a íoc.

(18) Féadfaidh na páirtithe i ndíospóid a chomhaontú, tráth ar bith, ceapachán an bhreithneora a chúlghairm agus beidh na páirtithe faoi dhliteanas, i gcomhpháirt agus go leithleach, i leith na táillí, na costais agus na caiteachais réasúnacha a thabhóidh an breithneoir suas go dtí dáta na cúlghairme a íoc.

Ceart chun obair a fhionraí mar gheall ar mhainneachtain breith ó bhreithneoir a chomhlíonadh.

7.—(1) Más rud é, maidir le haon mhéid atá dlite de bhun bhreith an bhreithneora, nach n-íoctar é go hiomlán roimh dheireadh na tréimhse 7 lá dar tosach an lá a thugtar an bhreith, féadfaidh an páirtí curtha i gcrích obair faoin gconradh foirgníochta a fhionraí trí fhógra i scríbhinn a thabhairt faoi *fho-alt (2)*.

(2) Sonrófar i bhfógra faoin bhfo-alt seo na forais ar a mbeartaítear obair a fhionraí agus seachadfar é ar an bpáirtí eile tráth nach déanaí ná 7 lá sula mbeidh an fhionraí bheartaithe le tosú.

(3) Ní fhéadfar obair a fhionraí faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) tar éis don pháirtí eile an méid dlite a íoc, nó

(*b*) tar éis breith an bhreithneora a tharchur chun eadrána nó tar éis imeachtaí a thionscnamh thairis sin i ndáil leis an mbreith.

(4) I gcás go ndéanfar obair a fhionraí faoi *fho-alt (1)* agus go ndéanfar difear do chumas an pháirtí curtha i gcrích nó do chumas fochonraitheora obair a chríochnú laistigh de theorainn ama chonarthach mar gheall ar fhionraí na hoibre, tabharfar neamhaird ar thréimhse na fionraí d'fhonn an teorainn ama chonarthach a ríomh.

(5) Tabharfar neamhaird freisin ar thréimhse fionraí oibre faoi *fho-alt (1)* d'fhonn ríomh a dhéanamh ar an achar ama a ghlactar chun an obair a chríochnú faoi chonradh foirgníochta eile—

(*a*) i gcás gur fochonradh an conradh foirgníochta a bhfuil an obair faoi ar fionraí,

(*b*) i gcás gur fochonradh freisin an conradh foirgníochta eile agus gurb ionann an páirtí eile san fhochonradh eile sin agus an páirtí eile san fhochonradh a bhfuil an obair faoi ar fionraí, agus

(*c*) i gcás go ndéantar difear do chumas an pháirtí curtha i gcrích faoin bhfochonradh eile sin obair a chríochnú laistigh de theorainn ama chonarthach mar gheall ar fhionraí na hoibre.

Painéal breithneoirí a roghnú.

8.—(1) Déanfaidh an tAire daoine a roghnú ó am go ham chun bheith ina gcomhaltaí de phainéal (dá ngairtear an "painéal" san alt seo) chun gníomhú mar bhreithneoirí i ndáil le díospóidí íocaíochta agus roghnóidh sé nó sí duine de na daoine sin mar chathaoirleach ar an bpainéal.

(2) Beidh na daoine a roghnófar faoi *fho-alt (1)* ina gcomhaltaí den phainéal go ceann tréimhse 5 bliana dar tosach dáta a roghnaithe

agus beidh siad incháilithe lena n-athroghnú ag deireadh na tréimhse 5 bliana.

(3) Féadfaidh an tAire, ar chúis mhaith leordhóthanach, comhalta den phainéal a chur as oifig.

(4) Féadfaidh comhalta den phainéal éirí as oifig tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire.

(5) Le linn don Aire daoine a roghnú chun bheith ina gcomhaltaí den phainéal, beidh aird aige nó aici ar an taithí agus an saineolas atá acu ar nósanna imeachta maidir le díospóidí a réiteach faoi chonarthaí foirgníochta; agus ní fhéadfar duine a roghnú chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den phainéal mura rud é gur duine d'aon cheann de na tuairiscí a shonraítear i *bhfo-alt (6)* an duine.

(6) Is mar a leanas do na tuairiscí daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*:

(*a*) gairmí cláraithe arna mhíniú in alt 2 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007;

(*b*) comhalta cairte de Chumann na nInnealtóirí;

(*c*) abhcóide;

(*d*) aturnae;

(*e*) ánra den Institiúid Cairte Eadránaithe;

(*f*) duine ag a bhfuil cáilíocht atá comhionann le haon cheann de na cáilíochtaí sin a shonraítear i *míreanna (a)* go *(e)* agus a fuarthas go cuí in aon Bhallstát eile den Aontas Eorpach.

Cód cleachtais maidir le breithniú.

9.—Féadfaidh an tAire cód cleachtais lena rialófar seoladh breithnithe faoi *alt 6* a ullmhú agus a fhoilsiú.

Fógraí a sheachadadh, etc.

10.—(1) Féadfaidh na páirtithe i gconradh foirgníochta an modh ar a seachadfar fógraí faoin Acht seo a chomhaontú.

(2) Más rud é nach mbeidh, nó a mhéid nach mbeidh, aon chomhaontú den sórt sin ann, féadfar fógra a sheachadadh tríd an bpost nó ar aon mhodh éifeachtach eile.

(3) Más rud é, faoin Acht seo, go gceanglaítear fógra a sheachadadh tráth nach déanaí ná líon sonraithe laethanta tar éis dáta áirithe agus gur lá is Satharn nó Domhnach nó saoire phoiblí (de réir bhrí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997) an lá deiridh de na laethanta sin, measfar go ndearnadh an fógra a sheachadadh go bailí má sheachadtar é an chéad lá eile nach lá den sórt sin é.

Caiteachais.

11.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

12.—(1) Féadfar an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 a ghairm den Acht seo.

(2) Tá feidhm ag an Acht seo i ndáil le conarthaí foirgníochta arna ndéanamh tar éis cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Alt 3.

AN SCEIDEAL

Forálacha a mBeidh Feidhm acu maidir le Nithe a Bhaineann le hÍocaíochtaí

1. Is iad seo a leanas na dátaí éilimh ar íocaíocht faoi chonradh foirgníochta (faoi réir *mhír 2*):

(*a*) 30 lá tar éis dháta thosach feidhme an chonartha foirgníochta;

(*b*) 30 lá tar éis an dáta dá dtagraítear i *gclásal (a)* agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí dáta an chríochnaithe shubstaintiúil;

(*c*) 30 lá tar éis dháta an chríochnaithe deiridh.

2. I gcás go bhforáiltear le conradh foirgníochta, nó go gcomhaontaíonn na páirtithe i gconradh foirgníochta thairis sin, go bhfuil nó go meastar go bhfuil ré na hoibre faoin gconradh foirgníochta níos giorra ná 45 lá as a chéile, is é an dáta éilimh ar íocaíocht an dáta a bheidh ann 14 lá tar éis an obair faoin gconradh foirgníochta a chríochnú.

3. Ní bheidh an dáta ar a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid a éileofar faoi chonradh foirgníochta níos déanaí ná 30 lá tar éis an dáta éilimh ar íocaíocht.

4. Is é a bheidh i méid íocaíochta eatramhaí faoi chonradh foirgníochta (faoi réir *mhír 5*) an difríocht idir na méideanna seo a leanas—

(*a*) comhiomlán luach comhlán na hoibre (arna chinneadh de réir an chonartha foirgníochta) arb í an obair í a bheidh déanta faoin gconradh foirgníochta ar an dáta éilimh ar íocaíocht lena mbaineann i dteannta aon mhéideanna breise san íocaíocht eatramhach faoin gconradh foirgníochta, lúide aon asbhaintí ó íocaíocht dá bhforáiltear leis an gconradh foirgníochta, agus

(*b*) comhiomlán mhéid na n-íocaíochtaí eatramhacha a bheidh déanta cheana ar an dáta éilimh ar íocaíocht sin.

5. Ní mó comhiomlán na n-íocaíochtaí arna ndéanamh faoi chonradh foirgníochta ná—

(*a*) an méid dá bhforáiltear sa chonradh foirgníochta arna thabhairt chun críche i dtosach, agus

(*b*) méideanna dá bhforáiltear le haon leasuithe ar an gconradh sin arna gcomhaontú idir na páirtithe.